

# Tuarascáil Bhliantúil 2023

**An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí**

An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí
Aircraft Noise Competent Authority

www.fingal.ie/aircraftnoiseca

# Clár na nÁbhar


BROLLACH ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH, COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL 03

RÉAMHRÁ Ó STIÚRTHÓIR AN ÚDARÁIS 04

**CUID 01** **05**

TÚS EOLAIS AR AN ÚDARÁS INNIÚIL UM THORANN AERÁRTHAÍ 05

**CUID 02** **07**

AN CHAOI A nDÉANTAR BAINISTIÚ AR THORANN AERÁRTHAÍ 07

AN CHAOI A gCUIRTEAR BEARTA BAINISTÍOCHTA TORAINN I bhFEIDHM 08

**CUID 03** **09**

OBAIR AN ÚDARÁIS IN 2023 09

AN BHLIAIN 2023 INA hUIMHREACHA 10

MONATÓIRÍ TORAINN SNA POBAIL TIMPEALL AERFORT BHAILE ÁTHA CLIATH 13

**CUID 04** **14**

RÁITEAS AIRGEADAIS 14

**CUID 05** **15**

CUMARSÁID AGUS TEAGMHÁIL LE PÁIRTITHE LEASMHARA 15

**CUID 06** **16**

ÁR bPLEANANNA DO 2024 16

**CUID 07** **17**

TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LEIS AN ÚDARÁS 17

# Brollach ón bPríomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Fhine Gall



Is í seo an cúigiú tuarascáil bhliantúil ón Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí. Tá go leor athruithe tagtha ar thionscal na heitlíochta ó bunaíodh an Údaráis, lena n-áirítear filleadh ar fhás láidir eacnamaíoch tar éis thionchar phaindéim Covid-19.

Is cuid shuntasach dár saol sóisialta agus gnó í an eitlíocht agus aithním go bhfuil gnéithe dearfacha agus diúltacha ag baint le gníomhaíocht eitlíochta. Bíonn an tÚdarás ag iarraidh an chothromaíocht is fearr a bhaint amach idir tionchair an torainn aerárthaí ar shláinte phoiblí agus na tairbhí a thugann Aerfort Bhaile Átha Cliath do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do chuairteoirí na hÉireann.

Tá ról tábhachtach ag an Údarás lena chinntiú go ndéantar an tionchar torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhainistiú ar an mbealach is inbhuanaithe is féidir. Is próiseas leanúnach agus atriallach é torann aerárthaí a bhainistiú. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar measúnú rialta ar an aeráid torainn, agus ar na bearta atá i bhfeidhm chun í a bhainistiú. Nuair a bhíonn bearta nua ag teastáil, téann an tÚdarás i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus cinntíonn go dtugtar cead cainte do chách.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann bainistíochta an Údaráis agus lena speisialtóirí teicniúla as a gcuid oibre leanúnach chun a chinntiú go bhfuil aithint agus cur i bhfeidhm an dea-chleachtais sa bhainistiú torainn fós i gcroílár na gcinntí go léir a dhéantar.

**AnnMarie Farrelly,**
Príomhfheidhmeannach
Comhairle Contae Fhine Gall

# Réamhrá ó Stiúrthóir an Údaráis



Tá áthas orm an réimse éagsúil gníomhaíochtaí a rinne an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí le himeacht 2023 a chur i láthair. Sonraítear sa tuarascáil bhliantúil seo an chaoi a bhfuil straitéis an údaráis ailínithe chun ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach neamhchlaonta agus trédhearcach. Agus ár sainchúram á chur i gcrích againn, aithnímid dearcthaí agus mianta gach duine a bhaineann tairbhe as gníomhaíocht eitlíochta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath nó a bhfuil tionchar aici orthu, lena n-áirítear úsáideoirí aerfoirt agus comharsana.

In 2023, bhíomar dírithe i gcónaí ar fhaisnéis iontaofa a chur ar fáil don phobal. Chuige sin, is é láithreán gréasáin an Údaráis an príomh-chomhéadan poiblí a bhí againn. Cuireadh feidhmiúlacht agus faisnéis bhreise leis an láithreán gréasáin le linn na bliana, agus cuirfear gach nuashonrú suntasach amach anseo maidir le hobair an Údaráis suas air a luaithe a tharlóidh a leithéid.

Rinneamar dul chun cinn ar an obair ar cuireadh tús léi in 2020 maidir le DAA feabhas a chur ar na monatóirí torainn aerárthaí atá suite go straitéiseach timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath. Nuair a bheidh an clár críochnaithe le linn 2024, beidh sé ina acmhainn fhaisnéiseach don phobal, áit ar féidir eolas a fháil ar imeachtaí aonair aerárthaigh. Creidim gur féidir linn tuilleadh feabhais a chur ar na seirbhísí seo lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine ar fhaisnéis a bhaineann lena riachtanais.

Tugtar forléargas sa tuarascáil seo freisin ar ghníomhaíochtaí is dócha a ndéanfar dul chun cinn orthu in 2024.

Táim ag tnúth le bheith ag obair i gcónaí le gach duine a bhfuil suim aige nó aici sa chaoi a ndéantar torann aerárthaí a bhainistiú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun a chinntiú gur féidir feabhsuithe ar an aeráid torainn a choinneáil agus tuilleadh feabhsuithe fós a dhéanamh.

Ethna Felten

**Ethna Felten**
Stiúrthóir Seirbhísí
An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

# 01 Tús eolais ar an Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

## Cé muid féin

Is é an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí (ANCA) an rialtóir neamhspleách chun torann aerárthaí a bhainistiú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus timpeall air. Bunaíodh an tÚdarás in 2019 chun faireachán a dhéanamh ar bhainistiú torainn aerárthaí sna pobail thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus rialáil a dhéanamh ina leith sin nuair is gá.

## An gá leis an Údarás

Ní mór gach aerfort san Aontas Eorpach ina bhfuil níos mó ná 50,000 gluaiseacht d'aerárthaí eitlíochta sibhialta in aghaidh na bliana a rialú chun críocha bainistiú torainn. Faoi láthair, is é Aerfort Bhaile Átha Cliath an t-aon aerfort i bPoblacht na hÉireann a bhfuil an tairseach sin sáraithe aige.

## Céard a dhéanaimid

Déanann an tÚdarás measúnú ar thionchar torainn na gníomhaíochta eitlíochta sna pobail timpeall ar Aerfort Bhaile Átha Cliath. Foilsímid torthaí na measúnuithe torainn sin ar bhealach neamhchlaonta a chinntíonn go bhfuil fáil ag gach páirtí leasmhar orthu, lena n-áirítear daoine aonair agus pobail. Bhunaigh an tÚdarás Cuspóir Laghdaithe Torainn (NAO) in 2022 inar leagadh síos spriocanna d'Aerfort Bhaile Átha Cliath chun tionchar torainn aerárthaí a laghdú.

**Chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar thorann aerárthaí, tá gá le rannpháirtíocht ó go leor páirtithe, lena n-áirítear an t-údarás aerfoirt, údaráis rialála, oibreoirí aerárthaí, soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta agus monaróirí aerárthaí.**


## Ár misean

Is é misean an Údaráis Inniúil um Thorann Aerárthaí a chinntiú go ndéantar anailís, cumarsáid, bainistiú agus laghdú le himeacht ama ar thionchar torainn aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus sna comharsanachtaí máguaird.

## Ár gcuspóirí

Bunaítear feidhmeanna reachtúla an Údaráis le reachtaíocht Eorpach agus Éireannach chun a chinntiú go ndéantar torann aerárthaí a bhainistiú ar bhealach comhsheasmhach ar fud an Aontais Eorpaigh. Agus ár bhfeidhmeanna á gcur i bhfeidhm againn,

- Cuirimid reachtaíocht ábhartha chun feidhme go trédhearcach.
- Déanaimid measúnú ar mholtaí i dtaobh obair forbartha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath lena chinntiú nach gcuirfí isteach ar fheabhsuithe ar an aeráid torainn a baineadh amach cheana agus go ndéanfaí tuilleadh feabhsuithe fós.
- Déanaimid faireachán ar an tionchar a bhíonn ag torann aerárthaí sna pobail thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- Déanaimid rialáil chun torann aerárthaí a bhainistiú i gcomhréir le forálacha reachtacha, lena n-áirítear éascaíocht a dhéanamh ar pháirtithe leasmhara ar mian leo a bheith páirteach.
- Cuirimid faisnéis iontaofa agus cothrom le dáta ar fáil maidir le hobair an Údaráis i bhformáid atá soiléir agus inrochtana.



## An chaoi a gcuirimid ár gcuid oibre i gcrích

Cuirtear obair an Údaráis i gcrích ar bhealach struchtúrtha chun ár seirbhísí go léir a chomhordú.

- Tugaimid faoi mheasúnuithe ar athruithe agus athruithe beartaithe ar an aeráid torainn ag an aerfort chun an tionchar a bhí acu nó a d'fhéadfadh a bheith acu ar ár dtimpeallacht a dhéanamh amach. D'fhéadfadh rialáil le haghaidh bearta nua bainistithe torainn a bheith mar thoradh ar mheasúnuithe torainn den sórt sin.
- Aithnímid go bhfuil go leor tuairimí ann maidir leis an gcaoi ar cheart torann eitlíochta a bhainistiú. Agus ár gcuid oibre á déanamh againn, téann an tÚdarás i gcomhairle le páirtithe leasmhara, pobail ina measc, maidir le haon bhearta atá beartaithe chun torann aerárthaí a bhainistiú.
- Is é an cuspóir atá againn a chinntiú go dtugtar aird inár measúnuithe ar gach gné de ghníomhaíocht eitlíochta a d'fhéadfadh tionchar a bheith aici ar thorann aerárthaí timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- Déanaimid iarracht a chinntiú go mbíonn tionchair eitlíochta teoranta agus laghdaithe chomh fada agus is inbhuanaithe.

# Foireann agus struchtúir bhainistíochta an Údaráis

De réir na reachtaíochta, is í Comhairle Contae Fhine Gall an t-údarás inniúil chun críocha rialáil torainn aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Is iad an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ainmnithe a chuireann na feidhmeanna i bhfeidhm. Chun na críche sin, is stiúrthóireacht neamhchlaonta ar leithligh é an tÚdarás laistigh de struchtúr foriomlán Chomhairle Contae Fhine Gall. Tá an tÚdarás neamhspleách ó thaobh feidhmiú a dhualgais de agus reáchtálann a fhoireann bainistíochta an t-údarás ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh costas de, le tacaíocht ó speisialtóirí eitlíochta seachtracha, de réir mar is gá.

**An Príomhfheidhmeannach**
Comhairle Contae Fhine Gall


**Stiúrthóir Seirbhísí**
An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

**An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí**
An fhoireann bainistíochta

- Straitéis
- Comhlíonadh an dlí
- Measúnú teicniúil
- Measúnú pleanála agus forbartha
- Measúnú timpeallachta
- Faisnéis timpeallachta
- Cumarsáid agus comhairliúchán
- Seirbhísí tacaíochta gnó

Sainseirbhísí eitlíochta | Sainseirbhísí measúnaithe fuaime | Measúnú timpeallachta | Seirbhísí dlí

Tá obair an údaráis ailínithe le téamaí straitéiseacha Phlean Corparáideach Fhine Gall, a forbraíodh trí phróiseas comhairliúcháin le baill tofa na comhairle, leis an bhfoireann, le grúpaí pobail, le grúpaí gnó, le heagraíochtaí saoránach agus le páirtithe leasmhara eile. Tá na tosaíochtaí dírithe ar na prionsabail sin.



**Caighdeán na beatha**



**Cáilíocht agus timpeallacht atá seasmhach ó thaobh na haeráide de**



**Timpeallacht ghnó d'ardchaighdeán**



**Cáilíocht ár gcuid oibre**

02

# An chaoi a ndéantar bainistiú ar thorann aerárthaí

## Go hIdirnáisiúnta

Déanann an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta comhordú ar ghníomhaíocht eitlíochta ar leibhéal idirnáisiúnta - rannán speisialaithe de chuid na Náisiún Aontaithe. Comhaontaítear beartas idir tíortha rannpháirteacha agus tugtar éifeacht dhlíthiúil dó trí reachtaíocht ón gCoimisiún Eorpach.

## Ag an leibhéal náisiúnta

Cuireann reachtaíocht na hÉireann treoracha agus rialacháin an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm nó tugann sí éifeacht bhreise dóibh.

Forálann reachtaíocht na hÉireann do bhainistiú torainn timpeallachta ghinearálta agus eitlíochta-shonracha, go háirithe i gcomhthéacs phróisis pleanála agus forbartha na hÉireann.

## Go hÁitiúil

Tá tréithe uathúla ag gach aerfort. I measc na dtréithe sin tá méid, cóngaracht don daonra nó an meascán de chabhlach aerárthaí a bhaineann le haerfort. Tá líon na n-aerfort a fhreastalaíonn ar chathair ábhartha freisin toisc gur féidir gníomhaíocht eitlíochta a chomhordú de réir ama nó suímh chun an réiteach foriomlán is fearr a fháil do chathair nó do réigiún ar leith. Tá sé tábhachtach go gcoinnítear bearta maolaithe torainn faoi athbhreithniú rialta chun a chinntiú go bhfanfaidh siad ábhartha de réir mar a athraíonn cúinsí. Dá bhrí sin, ní mór bearta chun torann a bhainistiú a chur i bhfeidhm ar bhonn aerfoirt ar aerfort agus a athbhreithniú go rialta chun a chinntiú gur féidir na torthaí is fearr a fháil trí dhea-chleachtas a chur in oiriúint do na cúinsí a thagann chun cinn ag gach suíomh. Ba cheart cuspóirí a bhaineann go sonrach leis an aerfort a bhunú chun éabhlóid na haeráide torainn i bpobail áitiúla a bhainistiú agus a thomhas.



## Joe Mahon, Oifigeach Sinsearach Teicniúil um Thorann, an tÚdarás

Comhcheanglaíonn bainistíocht torainn eitlíochta saineolas teicniúil raon leathan gairmithe chun a chinntiú go mbaintear cothromaíocht éifeachtach amach idir ionchais fhíora agus éagsúla daoine a chónaíonn gar do ghníomhaíocht eitlíochta, a úsáideann nó a bhaineann tairbhe indíreach aisti. Tógann roinnt réiteach am chun iad a chur i bhfeidhm, agus ní féidir nó ní cuí i gcónaí idirghabhálacha gearrthéarmacha a dhéanamh nach bhfuil bunaithe ar fhianaise nó nach ndéantar meastóireacht iomlán orthu.

Le linn 2023, lean athruithe ar aghaidh maidir leis an aeráid torainn timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá roinnt próiseas pleanála fós ar bun a mbeidh tionchar acu ar oibriú agus ar thionchar torainn an aerfoirt. Déanfar torthaí comhcheangailte na bpróiseas seo a mheasúnú agus a ionchorprú i gcreat foriomlán bainistíochta torainn. Ní féidir an creat seo a fhorbairt ach amháin le rannpháirtíocht iomlán páirtithe leasmhara chun a chinntiú go bhfuil fíormhuinín ann i gcomhthuiscint ar an gcaoi a bhfeidhmeoidh an t-aerfort sna blianta amach romhainn.

Chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas seo, soláthraíonn an tÚdarás faisnéis iontaofa tionchair torainn trí léarscáileanna idirghníomhacha ar ár láithreán gréasáin. Léiriú iad na léarscáileanna sin ar an athrú atá tagtha ar an aeráid torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ó bunaíodh an t-údarás in 2019. Is féidir scrúdú a dhéanamh ar an tionchar torainn ar feadh tréimhsí éagsúla den lá ag leibhéal na dtithe aonair, na limistéar gnó agus áineasa spáis oscailte. Tá comhrianta incháilitheachta ar fáil freisin do na scéimeanna inslithe tí agus ceannaithe réadmhaoine atá i bhfeidhm ag an aerfort. Táim ag tnúth le sonraí agus feidhmiúlacht bhreise a chur leis an acmhainn seo le himeacht ama chun a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar riachtanais faisnéise na bpobal timpeall an aerfoirt.

# An chaoi a gcuirtear bearta bainistíochta torainn i bhfeidhm

I gcomhthéacs Aerfort Bhaile Átha Cliath, féadfar bearta chun tionchar torainn aerárthaí a bhainistiú a sheachadadh trí mhaolú, is é sin:

- **Tugtha isteach** go díreach ag an **údarás aerfoirt**
- **Forbartha** ag monaróirí aerárthaí
- **Curtha chun feidhme** ag oibreoirí aerárthaí
- Forordaithe ag **coinníollacha pleanála** chun tionchar tograí forbartha a mhaolú
- Forordaithe trí **rialachán ag an Údarás**
- Aitheanta agus curtha i bhfeidhm tríd an bpróiseas **Pleanála Gníomhaíochta Torainn**

D'fhéadfadh bearta maolaithe torainn díriú ar ghníomhaíocht logánaithe nó ar thionchar an aerfoirt atá ag feidhmiú ina iomláine.

Ar shuíomh gréasáin an Údaráis tá sonraí faoi na bearta sonracha bainistíochta torainn atá i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, in éineacht le tuarascálacha bliantúla comhlíontachta faoina n-éifeachtacht.

Chun torainn aerárthaí a bhainistiú go héifeachtach, ní mór do roinnt eagraíochtaí éagsúla a bheith rannpháirteach chun a chinntiú go roinntear agus go mbreithneofar gach dearcadh i ndáil leis na tairbhí a bhaineann le gníomhaíocht eitlíochta agus leis na tionchair dhiúltacha a bhíonn ag oibríochtaí aerfoirt.

**Is iad an tsraith is airde de bhainistiú torainn na bearta sin a chuireann srian ar rochtain aerárthaí ar aerfort. Tugtar srianta oibríochta orthu sin. D'fhéadfadh na bearta seo a bheith ar fud an aerfoirt nó logánaithe, a bheith faoi cheangal ama nó sprioc-aerárthaí bunaithe ar a bhfeidhmíocht torainn.**


**Bíonn tionchair shuntasacha shóisialta agus eacnamaíocha ag srianta oibriúcháin. Mar thoradh air sin, ní thugtar isteach iad mar rogha dheiridh ach amháin tar éis tréimhse shuntasach anailíse teicniúla agus cinneann rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara nach bhfuil bearta nach bhfuil chomh sriantach céanna ar fáil a thabharfadh toradh chomh héifeachtach céanna.**

03

# Obair an Údaráis in 2023

**Le linn 2023 leanamar orainn ag plé go gníomhach le pobail a ndeachaigh torann aerárthaí i bhfeidhm orthu agus thugamar tús áite d'infhaighteacht faisnéise ábhartha agus inrochtana.**


Táimid tiomanta maidir le míniú a thabhairt ar cad a dhéanaimid, agus conas a oireann sé laistigh de struchtúr foriomlán na bainistíochta eitlíochta agus forbartha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Cuireann an tÚdarás faisnéis ar fáil trí bhealaí cumarsáide éagsúla. Tugaimid cúnamh freisin do dhuine ar bith a dhéanann teagmháil leis an Údarás an t-údarás iomchuí a dhéanamh amach nuair nach dtagann na ceisteanna atá acu faoinár sainchúram ar leith.




435+ Iarratas ar fhaisnéis a dhírítear maidir le torann aerárthaí a bhainistiú sa phobal.




D'oibríomar le cónaitheoirí agus le húdarás an aerfoirt chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann ar incháilitheacht insliú fuaime sa bhaile trí scéimeanna atá ann cheana féin.



Bhuaileamar le daoine aonair agus le grúpaí pobail chun a dtaithí ar thorann aerárthaí a chloisteáil go pearsanta agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an tÚdarás cabhrú leo.




D'fhoilsíomar comhrianta bliantúla nochta torainn don bhliain iomlán roimhe sin, a éascaíonn scrúdú ar an gcaoi a n-athraíonn an aeráid torainn ó bhliain go bliain.



Leanamar ar aghaidh ag obair le húdarás an aerfoirt chun monatóirí breise torainn a sheachadadh sna pobail timpeall an aerfoirt. Aithníonn an tÚdarás gur féidir le torann aerárthaí tionchar diúltach a imirt ar dhaoine thar limistéar leathan agus thug sé aghaidh ar an ngá le faisnéis iontaofa trí chlár a chinnteodh go mbeadh líon suntasach pointí sonraí torainn ar fáil go poiblí ar fud an aerfoirt.




Rinneamar athbhreithniú ar thuarascáil an údaráis aerfoirt maidir le comhlíonadh na mbeart maolaithe torainn atá i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus d'fhoilsíomar é.



Rinneamar athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart maolaithe torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus d'fhoilsigh sé tuarascáil ar ár dtorthaí.



**D'oibrigh an tÚdarás leis an údarás aerfoirt chun monatóirí torainn breise a shuiteáil chun a chinntiú go mbeadh faisnéis ar fáil faoi aerárthaí aonair ag achair agus airde éagsúla thar líon ionadaíoch pobal ar fud an aerfoirt.**

**Lean an aeráid torainn timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath de bheith ag athrú i rith 2023. Athraíodh roinnt bealaí imeachta agus mhéadaigh leibhéal gníomhaíochta na n-aerárthaí de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh. Déanann an tÚdarás monatóireacht leanúnach ar thionchar na n-athruithe sin agus foilsíonn faisnéis agus nuashonruithe ábhartha ar ár láithreán gréasáin.**

Tabharfaidh an próiseas measúnaithe aird ar chinntí comhlachtaí rialála eile a bhaineann lenár gcuid oibre.

Ar shuíomh gréasáin an Údaráis, faightear sonraí faoi na bearta sonracha bainistíochta torainn atá i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, in éineacht le tuarascálacha bliantúla comhlíontachta faoina n-éifeachtacht.

Chun torainn aerárthaí a bhainistiú go héifeachtach, ní mór do raon éagsúil eagraíochtaí a bheith rannpháirteach chun a chinntiú go roinntear agus go mbreithneofar gach dearcadh i ndáil leis na tairbhí a bhaineann le gníomhaíocht eitlíochta agus leis na tionchair dhiúltacha a bhíonn ag oibríochtaí aerfoirt.

# An bhliain 2023 ina huimhreacha

Coimisiúnaíodh 8 monatóir torainn nua in 2023, **méadú 73% – 19 in situ anois**

**Reáchtáladh 16** comhairliúchán réamhphleanála

**15 iarratas pleanála** a tharchuir an t-údarás pleanála chuig an Údarás

**Tugadh faoi bhreis agus 435** iarratas ar fhaisnéis

# An tÚdarás agus an próiseas pleanála

**Déanann an tÚdarás measúnú ar gach iarratas pleanála a bhaineann le hobair forbartha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun a dhéanamh amach an gá bearta nua nó leasaithe bainistíochta torainn a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar tionchair torainn na heitlíochta a bhainistiú ar an mbealach is inbhuanaithe is féidir.**

Freastalaíonn foireann phleanála an údaráis ar sheisiúin réamhphleanála reachtúla arna n-óstáil ag an údarás pleanála chun feasacht a ardú maidir le tionchar torainn aerárthaí agus chun a chinntiú go ndéantar bearta cuí chun an tionchar a sheachaint nó a mhaolú a chomhtháthú i ngach togra forbartha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Sula ndéantar cinneadh rialála a ionchorprú i gcinneadh pleanála deiridh, i gcas go léiríonn measúnú go bhfuil gá le bearta nua chun tionchar torainn aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhainistiú, ullmhaíonn an tÚdarás dréachtrialachán agus lorgaítear rannpháirtíocht an phobail maidir leis na bearta atá beartaithe.



## Angela Dullaghan
## Ceannaire Pleanála agus Timpeallachta, an tÚdarás



"Is pleanálaí gairmiúil mé a bhfuil saineolas speisialaithe agam ar mheasúnú timpeallachta agus ar réadmhaoin oidhreachta. Tugann na réimsí saineolais seo léargas ar leith dom ar an gcaoi ar féidir le torann aerárthaí tionchar a imirt ar gach gné den timpeallacht thógtha agus nádúrtha. Éilítear le mo ról go ndéantar breithniú cúramach ar gach togra forbartha d'Aerfort Bhaile Átha Cliath chun a chinntiú go ndéanfar é ar bhealach a dhéanann foráil d'aon tionchair torainn aerárthaí a bhainistiú de réir na gcuspóirí bainistíochta torainn atá leagtha amach don aerfort agus ailínithe leis an mbeartas náisiúnta agus réigiúnach".

# An chaoi a ndéantar torann aerárthaí a chainníochtú agus a chur i láthair


**Déantar torann aerárthaí a shamhaltú trí úsáid a bhaint as bogearraí ríomhaireachta ar leith a charnann na sonraí maidir le gach aerárthach a thagann agus a imíonn ag aerfort le linn bliana féilire. Ullmhaítear na samhlacha torainn sin i gcomhréir le modheolaíochtaí atá caighdeánaithe ar fud an Aontais Eorpaigh chun a chinntiú go bhfuil cinntí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun torann a bhainistiú bunaithe ar mheasúnuithe iontaofa comhsheasmhacha.**

Cinnteoidh speisialtóir teicniúil eitlíochta go ndéanfar samhlacha a choigeartú do na cúinsí sonracha a bhfuil feidhm acu ag gach aerfort aonair.

Úsáidtear na samhlacha seo chun comhrianta torainn a tháirgeadh a chuireann tionchar na heitlíochta i láthair thar bhliain iomlán, ar feadh tréimhsí éagsúla an lae agus na hoíche. Ceadaíonn an cur chuige seo comparáid a dhéanamh idir blianta éagsúla, is féidir tionchar na forbartha beartaithe a mheasúnú, agus patrúin éagsúla úsáide rúidbhealaigh a chur i gcomparáid.

Ós rud é nach mbíonn torann ann ar bhealach 'meánach', áfach, tá sé tábhachtach freisin rochtain a bheith againn ar thionchar torainn aerárthaí aonair, mar aon leis na huaireanta agus na huimhreacha ina n-oibríonn siad.

Tá naisc chuig sonraí torainn ar fáil do Bhaile Átha Cliath ar shuíomh gréasáin an Údaráis le haghaidh imeachtaí aerárthaí aonair agus comhrianta carntha ar an meán.




# Monatóirí torainn sna pobail timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath

**Le linn 2023, lean an tÚdarás ar aghaidh ag obair leis an údarás aerfoirt ar chlár ilbhliantúil chun cur le líon na monatóirí torainn aerárthaí ar fud an aerfoirt.**

Tá suim shuntasach ag an bpobal sa tionscadal seo agus, cé nach féidir monatóireacht a dhéanamh air i ngach suíomh iarrtha, cuirfidh an líonra faisnéis ar fáil maidir le leibhéal torainn aerárthaí aonair ag líon ionadaíoch achair, airde agus láithreacha timpeall an aerfoirt nuair a bheidh sé críochnaithe.

**Le linn 2023, méadaíodh líon na monatóirí torainn timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath go 19 - sin méadú 171% ó cuireadh tús leis an gclár in 2020. Tá sé beartaithe monatóirí breise a choimisiúnú le linn 2024.**

Is féidir na suíomhanna agus na sonraí ó gach monatóir torainn Aerfort Bhaile Átha Cliath a fheiceáil ar thairseach gréasáin phoiblí an aerfoirt ag www.webtrak.emsbk.com/dub1.




Monatóirí torainn thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath

04

# Ráiteas airgeadais

Tá ceannteidil bhuiséid 2023 agus costais an Údaráis liostaithe thíos. Ceanglaítear leis an reachtaíocht go ndéanfar costais oibríochtúla an Údaráis a fhorchúiteamh ón údarás aerfoirt ar bhonn bliantúil trí rialachán maidir le tobhach aerfoirt.

| | |
|---|---|
| Costais oibriúcháin | €40,623 |
| Costais foirne | €424,023 |
| Sainseirbhísí tacaíochta seachtracha | €425,289 |
| Forchostais oifige agus seirbhísí comhroinnte | €272,444 |



05

# Cumarsáid agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

## Imeachtaí Pobail

Glacann foireann an Údaráis páirt in imeachtaí pobail chun tuiscint ar fheidhmeanna an údaráis a chur chun cinn agus ar an gcaoi a gcuireann ár gcuid oibre le bainistiú foriomlán torainn aerárthaí.

Le linn 2023, chuir ár bhfoireann i láthair do mhic léinn eitlíochta tríú leibhéal agus do dhaltaí idirbhliana dara leibhéal.

## Rannpháirtíochtaí aonair

Le linn 2023, thug an tÚdarás cuairt ar láithreacha pobail chun éisteacht le heispéiris bheo daoine timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Éascaíodh cruinnithe freisin ag ár n-oifig i Sord le cónaitheoirí, grúpaí pobail agus ionadaithe poiblí chun obair an údaráis a mhíniú agus conas a d'fhéadfadh sé seo dul i bhfeidhm ar na pobail ina gcónaíonn agus ina n-oibríonn daoine.

**Caitheann an tÚdarás dúthracht lena chinntiú go gcuirtear faisnéis a bhaineann le tionchar torainn aerárthaí sa phobal ar fáil ar bhealach iomchuí agus oiriúnach le freastal ar riachtanais réimse leathan spriocphobal.**

Xplore YOUR FUTURE FINGAL TY SKILLS EXPO 2023




An tÚdarás ag labhairt le mic léinn eitlíochta tríú leibhéal

06

# Ár bpleananna do 2024



Le linn 2024, leanfaidh an tÚdarás air ag measúnú agus ag tuairisciú ar aeráid torainn aerárthaí timpeall an aerfoirt. Ba é 2023 an chéad bhliain iomlán d'oibríochtaí aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ó osclaíodh an rúidbhealach nua agus, cé gur athraíodh roinnt bealaí imeachta le linn mhí Feabhra, éascóidh na comhrianta torainn bliantúla scrúdú ar an tionchar a bhí ag na hathruithe a tharla sa bhliain ar na pobail chomharsanachta. Foilseofar na comhrianta seo ar shuíomh gréasáin an Údaráis de réir mar a bheidh fáil orthu.



Cé gur gné shuntasach dár gcuid oibre é monatóireacht a dhéanamh ar aeráid torainn aerárthaí, ní gá go mbeadh rialáil le haghaidh bearta leasaithe bainistithe torainn ann mar thoradh uirthi i gcónaí. Déanann an tÚdarás monatóireacht ar an tionchar torainn ar gach pobal ó gach oibríocht rúidbhealaigh. Tugann an Cuspóir Lacáiste Torainn d'Aerfort Bhaile Átha Cliath an aird chéanna do gach saoránach agus é ag iarraidh an tionchar torainn a laghdú don líon is mó daoine is féidir, beag beann ar an áit a bhfuil cónaí orthu.



In 2024, tá clár ilbhliana an údaráis aerfoirt chun monatóirí breise torainn pobail a chur i bhfeidhm le teacht chun deiridh. Le linn 2024, táthar ag súil go dtabharfaidh líonra 25 monatóir léargas cuimsitheach ar na leibhéil torainn ó aerárthaí a thagann agus a imíonn ó Aerfort Bhaile Átha Cliath. Le léargas ionadaíoch a chinntiú, beidh siad suite ar fud na háite ag airdí éagsúla. Cuimsíonn an clár dhá mhonatóir soghluaiste ar féidir iad a chur ar bun go sealadach ag shuíomhanna pobail éagsúla.




I mí na Nollag 2023, chuir an daa iarratas pleanála faoi bhráid Chomhairle Contae Fhine Gall ag iarraidh an t-aerfort a fhorbairt sna blianta amach romhainn. I mbliana, déanfaidh an tÚdarás mionmheasúnú ar na tograí forbartha chun a dhéanamh amach an mbeadh aon ghá le bearta nua nó leasaithe chun tionchar torainn aerárthaí na forbartha beartaithe a bhainistiú. Beidh rannpháirtíocht an phobail ina cuid shuntasach den phróiseas measúnaithe.



Is ar shuíomh gréasáin an Údaráis, www.fingal.ie/aircraftnoiseca, a roinnimid faisnéis faoin obair a dhéanaimid, mar a roinn i gcónaí.

Beidh gach tuarascáil a ullmhaíonn an t-údarás ar fáil le hathbhreithniú agus le híoslódáil ónár suíomh gréasáin. Áireofar orthu sin toradh na n-athbhreithnithe ar éifeachtacht na mbeart maolaithe torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, mar aon le tuarascálacha comhlíonta i leith an údaráis aerfoirt.

07

# Teagmháil a dhéanamh leis an Údarás

## Caitheann an tÚdarás dúthracht chun an t-seirbhís is fearr is féidir a sholáthar do gach duine a dhéanann teagmháil linn.

- **Is ar bhealach gairmiúil, cothrom, trédhearcach a chaitheann ár mbaill foirne le gach duine.**
- **Tá sé ina bheartas againn a admháil go bhfuarthas gach comhfhreagras laistigh de thrí lá oibre, agus freagra iomlán a thabhairt laistigh de 15 lá oibre i gcás go mbíonn gá le himscrúdú.**
- **Tagann bainistiú ar thorann aerárthaí faoi shainchúram roinnt eagraíochtaí agus údarás, agus sainaithneoidh an tÚdarás Inniúil an t-údarás is fearr chun freagra a thabhairt ar nithe nach dtagann faoin sainchúram atá orainne.**

**Suíomh Gréasáin**
https://www.fingal.ie/aircraftnoiseca Nuashonruithe ar X (Twitter roimhe seo) @aircraftnoiseca

**Seoladh Poist**
An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí
Comhairle Contae Fhine Gall
Halla an Chontae
An Phríomhshráid
Sord
Co. Bhaile Átha Cliath
K67 X8Y2

**Ríomhphost**
aircraftnoiseca@fingal.ie

**Teileafón**
01 890 5998

